An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht

Sábháilteacht / Slándáil Airm Tine

(Úsáid, Iompar agus Stóráil Slán Sábháilte a chur chun cinn)

Tá an bileog eolais seo teoranta do shealbhóirí ar cheadúnas airm tine chomh maith leosan atá ag déanamh iarratais ar nó ag athnuachan deimhniú airm tine.

1. Tá go leor oibleagaidí ar shealbhóirí ar cheadúnas airm tine chun a chinntiú go bhfuil airm tine á stóráil go slán agus go daingean, sa teach cónaithe agus le linn a bheith ag taisteal go lámhach nó go seilg araon.
2. Níl an tseilbh agus iompar aon arm tine, lena n-airítear arm tine gearr /amuinisean atá faoi cheilt ar dhuine go poiblí ceadaithe ag aon am, ach amháin in imthosca san áit ina bhfuil gá leis an tseilbh agus an iompar sin ar an duine chun críche dleathach.
3. I gcas piostail agus gunnáin féinlódála agus leathuathoibríochta, féadfar machnamh a thabhairt ar an riachtanas chun gach gunna a thógáil as a chéile nuair nach bhfuil tú ag an raon le roinnt codanna is gá a choinnítear ag an raon.
4. Le linn é a iompair, ní mór d'airm tine a choinneáil i gcás/i muinchille, as radharc in ionad bagáiste feithicle atá faoi ghlas. Ba cheart dóibh a bheith inrochtana láithreach bonn don tiománaí nó d'aon phaisinéir.
5. Ba cheart gan gunna a bheith lódáilte le hamuinisean le linn a bheith ag taisteal go dtí nó ó lámhach.
6. Nuair is féidir é, ba cheart boltaí raidhfil agus urstoc gunnaí gráin, uachtarshleamhnáin piostail agus piléar-lanna a bheith bainte de agus a bheith coinnithe leo féin
7. Ba cheart gan arm tine a fhágáil choíche taobh istigh de láthair shuí d'fheithicil: is cuma a bhfuil sé tógtha nó gan a bheith tógtha.
8. Más gá é an fheithicil a stopadh nó a fhágáil, ba cheart céimeanna réasúnta a thógáil chun sábháilteacht an airm tine atá i gceist a chinntiú. Is maith an smaoineamh é aon rud a d'fhéadfadh a léiriú go bhfé-adfadh arm tine a bheith san fheithicil a chur san ionad bagáiste chomh maith, m.sh., éadaí seilge, bata stal-caireachta, scian seilge, déshúileach, cluana, hata seilge, agus mar sin de.

Slándáil:

Is sceideal do Stórail Slán airm tine é an méid seo a leanas atá tógtha ón Ionstraim Reachtúil 307/2009:

1. Gunna gráin amháin neamhshrianta: Tógfar an gunna gráin as a chéile agus cuirfear gach cuid de i dtaisce go sábháilte agus leis féin nuair nach bhfuil sé in úsáid. Cuirfear cosc ar an gcásáil truicir a úsáid trí ghlas cuí truicir.
2. Arm tine amháin srianta nó trí arm tine nó níos lú neamhshrianta: Coinneofar gach arm tine i dtaisce go slán i dtaisceadán gunna atá de réir BS 7558 agus a bheidh ceangailte go daingean le struchtúr daingean.
3. Dhá arm tine srianta, nó níos mó ná trí arm tine neamhshrianta: Coinneofar gach arm tine i dtaisce i dtaisceadán gunna atá de réir BS 7558 agus a bheidh ceangailte go daingean le struchtúr daingean. Beidh aláram feistithe san áit ina bhfuil na hairm tine i dtaisce agus beidh glas de réir BS 3621 feistithe ar na doirse seachtracha.
4. Trí arm tine srianta nó níos mó ná sé arm tine nó níos mó de chineál ar bith a choinnítear in aon áit amháin: Chomh maith leis na caighdeáin a shonraítear ag uimhir thagartha 3, beidh córas aláraim ionróra atá de réir I.S. EN 50131 nó caighdeán coibhéiseach atá faofa ag Coimisinéir na nGardaí, san áit ina gcoinnítear na hairm tine i dtaisce agus ní mór do shuiteálaí a bhfuil ceadúnas faighte aige ón Údarás um Shlándáil Phríobháideach an t-aláram a fheistiú agus a chothabháil. Beidh an t-aláram ceangailte le seirbhís monatóireachta atá á oibriú ag duine a bhfuil ceadúnas aige ón údarás um Shlándáil Phríobháideach agus a bhfuil tacaíocht aige ó sheirbhís fón póca GSM a bhfuil saoráidí comharthaíochta ta-caíochta ann.

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar shaincheisteanna eile a bhaineann le cosc ar choireacht, déan teagmháil leis an Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht nó tabhair cuairt ar láithreán gréasáin An Gharda Síochána ag www.garda.ie

Arna eisiúint ag Oifig Náisiúnta an Gharda Síochána um Phóilíniú Phobail, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.